Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Meitheamh 2024
(OR. en)

10018/1/24
REV 1
PV CONS 22
EDUC 177
JEUN 114
CULT 51
AUDIO 63
SPORT 53

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt)

13 agus 14 Bealtaine 2024

**CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 13 BEALTAINE 2024**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9414/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 9434/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta den phlé reachtach** (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 9435/24

**An Comhshaol**

**1. Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 maidir le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí CO2 d'fheithiclí tromshaothair** ❶C 9388/2/24 REV 2 +ADD 1 REV 1 PE-CONS 29/24 CLIMA

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 8 Bealtaine 2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Iodáil, an Pholainn agus an tSlóvaic ag vótáil na choinne agus an tSeicia ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Talmhaíocht**

**2.** **Rialachán lena leasaítear Rialacháin CBT a mhéid a bhaineann le caighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún agus gnéithe eile a bhaineann le simpliú**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
*Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas*
a d'fhormheas CST an 8 Bealtaine 2024

❶C 9363/1/24 REV 1 + REV 1 ADD 1 PE-CONS 75/24 AGRI

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ghearmáin ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE).

Chomhaontaigh an Chomhairle freisin maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1.

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Gnóthaí Eachtracha**

**3.** **Athnuachan an Rialacháin maidir le léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar lamháltais trádála faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Mholdóiv**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 2) an 8 Bealtaine 2024

❶C 8831/24 PE-CONS 60/24 + COR 1 POLCOM

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4.** | **Athnuachan an Rialacháin maidir le léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar lamháltais trádála faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper (Cuid 2) an 8 Bealtaine 2024 | ❶C | 8965/1/24 REV 1<br>+ ADD 1-2<br>PE-CONS 59/24<br>POLCOM |

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus <u>an Ungáir</u>, <u>an Pholainn</u> agus <u>an tSlóvaic</u> ag vótáil na choinne agus <u>an Bhulgáir</u> ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

<u>AN ÓIGE</u>

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | Conclúidí maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022<br>*Formheas* | | 8048/24 |
| 4. | Conclúidí maidir le cláir oibre beartais Eorpacha agus idirnáisiúnta i réimse na leanaí, na hóige agus chearta an linbh<br>*Formheas* | | 7368/24<br>+ ADD 1-2 |
| 5. | Rún maidir le beartas don obair óige in Eoraip an chumasúcháin<br>*Formheas* | | 7370/24 |
| 6. | Conclúidí maidir le sochaithe cuimsitheacha le haghaidh daoine óga<br>*Formheas* | | 8673/24<br>+ ADD 1 |
| **7.** | **Obair leantach ar thorthaí Chomhdháil Óige an Aontais, a tionóladh in Gent, an 2-5 Márta 2024**<br>*Díospóireacht bheartais* | 2 | 8671/24 |

Bhí díospóireacht bheartais ag an <u>gComhairle</u> maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar pháipéar plé a d'ullmhaigh an Uachtaránacht. Tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir leis an tábhacht a bhaineann le hIdirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus d'iarr siad go ndéanfaí faireachán níos láidre ar thorthaí Chomhdhálacha Óige an Aontais.

OIDEACHAS

8. Moladh ón gComhairle dar teideal 'An Eoraip ag Gluaiseacht' – deiseanna soghluaisteachta oideachais agus oiliúna do chách (An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 165 agus 166 CFAE) *Glacadh* — C(*) — 8731/24 + ADD 1

9. Dréachtchonclúidí maidir le beartas agus cleachtas fianaise-shaibhrithe san oideachas agus san oiliúint a chur chun cinn chun Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach *Formheas* — 8847/24

**10. An intleacht shaorga san oideachas agus san oiliúint: nuálaíocht theicneolaíoch a chomhcheangal le hoideachas ar ardchaighdeán do chách** *Díospóireacht bheartais* — 2 — 8996/24

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar nóta faisnéise a d'ullmhaigh an Uachtaránacht. Pléadh conas ar féidir córais náisiúnta oideachais agus oiliúna a ullmhú do na dúshláin a bhaineann leis an intleacht shaorga, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil léi, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an intleacht shaorga cheana féin ar na córais sin, agus na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach, i gcomhairle leis na Ballstáit, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an intleacht shaorga san oideachas agus san oiliúint, agus oideachas ar ardchaighdeán á áirithiú do chách ag an am céanna.

**Aon ghnó eile**

An Óige

**11. (a) Tacaíocht d'aos óg na hÚcráine**[1] ☐ 9745/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(b) Toradh an phlé ag cruinniú neamhfhoirmiúil céadphroinne Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh**[2] ☐
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(c) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Ungáir*

Oideachas

**(d) Céim Eorpach** ☐ 9246/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(e) Cultúr an smachta reachta a chur chun cinn tríd an oideachas** ☐ 9232/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(f) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Ungáir*

---

1 Le rannpháirtíocht Aire gníomhach Óige agus Spóirt na hÚcráine agus Leas-Aire Óige agus Spóirt na hÚcráine.

2 I láthair chomhordaitheoir Chomhairlí Náisiúnta Óige na Beilge agus uachtarán Fhóram Eorpach na nÓg.

**CRUINNIÚ DÉ MAIRT, AN 14 BEALTAINE 2024**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

CULTÚR, CLOSAMHARC AGUS MEÁIN

12. Conclúidí maidir le tacaíocht do thionchairí mar chruthaitheoirí ábhair ar líne — 8641/24
*Formheas*

13. Conclúidí maidir le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chumhachtú trí phobal meáin sonraíbhunaithe a fhorbairt — 8642/24
*Formheas*

**14. Ag ullmhú do thodhchaí earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta i ré na hintleachta saorga**[3] — [2] 8643/24 + COR 1
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite ar bhonn an nóta cúlra a d'ullmhaigh an Uachtaránacht agus cur i láthair ó aoi seachtrach, Marnix Verduyn, cartúnaí a bhfuil saineolas aige ar an intleacht shaorga (IS). Phléigh an Chomhairle an tacaíocht a thugann na Ballstáit d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta trí theicneolaíochtaí intleachta saorga a fhorbairt agus a úsáid, go háirithe trí scileanna a fhorbairt agus trí chomhoibriú trasearnála, agus maidir leis an gcaoi ar féidir le beartas agus cláir an Aontais (lena n-áirítear Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026) freastal ar riachtanas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta leas a bhaint as acmhainneacht na hintleachta saorga.

[3] I láthair Marnix Verduyn, ealaíontóir stiallghreannán, innealtóir agus acadóir in Ollscoil Leuven (KU Leuven).

SPÓRT

15. Rún maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (an 1 Iúil 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027) — 9000/24
*Formheas*

16. Conclúidí maidir le tábhacht cleachtais spóirt féineagraithe mar thaca le stíleanna maireachtála gníomhacha agus folláine san Aontas Eorpach — 8987/24 + ADD 1
*Formheas*

**17. Ról na saorálaithe i spórt na hEorpa** — 8960/24
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar pháipéar plé a d'ullmhaigh an Uachtaránacht. Leag na toscaireachtaí béim ar a thábhachtaí atá saorálaithe don spórt agus chuir siad a mbearta i láthair chun saorálaíocht i réimse an spóirt a spreagadh agus a chumhachtú. Chuir siad in iúl freisin roinnt bacainní a chuireann cosc ar dhaoine obair dheonach a dhéanamh sa spórt.

**Aon ghnó eile**

Cultúr, closamharc agus meáin

**18. (a) Roghnú Phríomhchathair Chultúir na hEorpa, 2028 (Bourges)** — 8822/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Fraince*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil.

**(b) Comhdháil maidir le Coinbhinsiún na Háige chun Maoin Chultúrtha a Choimirciú i gCás Coinbhleachta Armtha (An Háig, an Ísiltír, an 13 - 15 Bealtaine 2024)** — 9192/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na hÍsiltíre*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil.

**(c)** **Comhdháil idirnáisiúnta maidir le 'Ar mhaithe le téarnamh earnáil chultúrtha na hÚcráine' (Vilnias, an Liotuáin, an 6 - 7 Meitheamh 2024)** 9193/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Liotuáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Liotuáin ar fáil.

**(d)** **A bhfuil i ndán do bheartais chultúrtha an Aontais** 9463/1/24 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na Gearmáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil.

(e) Forfheidhmiú smachtbhannaí an Aontais ar ardáin sruthaithe agus comhroinnte físeán – freagracht chomhchoiteann 9189/24
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na hEastóine, na Laitvia agus na Liotuáine*

(f) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Ungáir*

An Spórt

**(g)** **Iarmhairtí chogadh foghach na Rúise ar earnáil spóirt na hÚcráine**[4] 9392/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(h)** **An ghné Eorpach de Chluichí Oilimpeacha agus Para-Oilimpeacha Pháras 2024** 9230/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Fraince*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil.

**4** Le rannpháirtíocht Aire gníomhach Óige agus Spóirt na hÚcráine agus Leas-Aire Óige agus Spóirt na hÚcráine.

**(i) An ghné Eorpach de Chraobhchomórtas Sacair na hEorpa 2024 sa Ghearmáin** [P2] 9291/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Gearmáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil.

**(j) Tiomantas na mBallstát do Chód Frithdhópála an Domhain** [P2] 9338/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na hÍsiltíre*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil.

(k) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Ungáir*

---

[P2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

---

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 9435/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 maidir le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí CO2 d'fheithiclí tromshaothair**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Tríd is tríd, tacaíonn an Pholainn le cuspóirí foriomlána an togra ón gCoimisiún agus leis an treocht ghinearálta atá ann maidir le hiarrachtaí laghdaithe a spreagadh trí chaighdeáin atá ann cheana a mhéadú nó trí chaighdeáin nua a fhoirmliú.

Tá rialtas na Polainne ar aon intinn go gcaithfear bearta a dhéanamh chun astaíochtaí $CO_2$ ó earnáil an iompair a laghdú.

Mar sin féin, dar leis an bPolainn, ba cheart laghdú astaíochtaí sceite feithiclí a dhéanamh ar bhealach cothrom, agus cumais an mhargaidh á chur san áireamh, ag féachaint do dhálaí teicneolaíocha monaróirí feithiclí agus trealaimh feithiclí araon agus don ghné eacnamaíoch a bhaineann le hacmhainneachtaí airgeadais ceannaitheoirí agus úsáideoirí feithiclí agus shaoránaigh na tíre.

San am céanna, tugann an Pholainn dá haire go bhféadfadh na rialacha atá beartaithe a bheith ina ndúshlán suntasach agus ina n-ualach ar mhonaróirí agus ar údaráis áitiúla. D'fhéadfadh cur i bhfeidhm na rialacha nua a bheith dodhéanta do mhonaróirí leathleantóirí, fiú, i bhfianaise na teicneolaíochta atá ar fáil.

I gcomparáid leis an seasamh a glacadh i gcur chuige ginearálta na Comhairle, tugann an Pholainn dá haire go háirithe an fhorbairt neamhfhabhrach i dtreo ceanglais laghdaithe níos déine do leathleantóirí agus do bhusanna uirbeacha. Cuireann an Pholainn i gcoinne ghlacadh an Rialacháin, dá bhrí sin.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Tá an tSlóvaic ar an eolas faoin ngá atá le hiompar ar bóthar san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit a dhícharbónú. Mar sin féin, is ró-uaillmhianach fós ó thaobh spriocanna agus na spriocdhátaí lena mbaint amach de an comhaontú críochnaitheach ar tháinig an Chomhairle agus an Pharlaimint air maidir leis an rialachán atá beartaithe.

Measaimid go bhfuil sé tábhachtach aird a tharraingt ar na pointí seo a leanas, a fágadh ar lár, inár dtuairimse, sa chomhaontú críochnaitheach:

Ar an gcéad dul síos, níor cuireadh prionsabal neodracht na teicneolaíochta san áireamh sa Rialachán. D'fhéadfadh leas agus aimhleas araon a bheith ag baint le bheith ag brath go heisiach ar fheithiclí tromshaothair leictreacha agus hidrigine nach bhfuil ar fáil ar mhórscála, mar gheall ar imní dhlisteanach a bheith ann faoi oiriúnacht na dteicneolaíochtaí sin. Is measa an scéal mar gheall ar an easpa pointí athluchtaithe do dheighleog na bhfeithiclí tromshaothair, ar cosúil gur bacainn shuntasach é anois agus go luath amach anseo, agus tá amhras ann faoi impleachtaí praiticiúla eile.

Ar an dara dul síos, feictear dúinn nach leordhóthanach an measúnú a rinneadh ar na bearta a dtacaíonn an tSlóvaic leo sa chlásal athbhreithniúcháin amháin, go háirithe acmhainneacht agus ról na mbreoslaí in-athnuaite atá neodrach ó thaobh carbóin de, fachtóir ceartúcháin carbóin a thabhairt isteach agus measúnú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ ar feadh shaolré iomlán na bhfeithiclí nua tromshaothair. Dar linne, má thugtar aghaidh ar na gnéithe thuasluaite go léir ag céim níos déanaí, beidh míbhuntáiste ag gabháil leis sin do bhreoslaí malartacha eile a bhfuil acmhainneacht dícharbónúcháin acu in earnáil an iompair ar bóthar.

In ainneoin plé a bheith déanta ar na gnéithe atá riachtanach don tSlóvaic, níl feabhas tagtha, inár dtuairimse, ar fhoclaíocht chríochnaitheach an Rialacháin. Dá bhrí sin, ní féidir linn tacú leis an téacs deiridh a comhaontaíodh sa Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956.'

**Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':**

**Rialachán lena leasaítear Rialacháin CBT a mhéid a bhaineann le caighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún agus gnéithe eile a bhaineann le simpliú**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
*Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas*

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'Cuireann an Rialtas Cónaidhme in iúl, le haghaidh na miontuairiscí, go measann an Ghearmáin gur gá faoiseamh a thabhairt d'fheirmeoirí ó rómhaorlathas agus go dtacaíonn sí le socrú buan maidir le DRTC 8. Mar sin féin, na bearta arna ndéanamh i leith an mhéid sin, ní mór nach mbainfidh siad an bonn de chuspóirí beartais an Aontais, mar atá an Comhaontú Glas, ná ó na bearta a rinneadh go dtí seo i dtaca le tacaíocht talmhaíochta an Aontais chun an córas agraibhia a chlaochlú. Mura ndéanfar aon bhearta tionlacain, go háirithe chun na huaillmhianta bithéagsúlachta a chaomhnú, fágfaidh ísliú na gcaighdeán a bhaineann le tograí áirithe ón gCoimisiún go lagófar CBT mar phríomhionstraim Eorpach chun an Comhaontú Glas a chur chun feidhme.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna ‘A’:</u>** | **Athnuachan an Rialacháin maidir le léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar lamháltais trádála faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN maidir le faireachán a dhéanamh ar allmhairí gráin ón Úcráin tráth ghlacadh Rialachán 2024/xxxx[5]**

‘Tá cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ag cur isteach ar shlabhraí soláthair a bhí ann cheana. Tá an tAontas ag tabhairt tacaíochta don Úcráin chun gur féidir an gnáthshreabhadh gráin agus earraí eile a atosú, go háirithe trí na Lánaí Dlúthpháirtíochta, agus chun a chinntiú gur féidir na honnmhairí gráin a gceann scríbe a bhaint amach, mar shampla, go háirithe, i dtríú margaí, chun tacú leis an tslándáil bia ar fud an domhain.

Tá an Coimisiún tiomanta do thacaíocht a thabhairt don Úcráin agus, an tráth céanna, leas tháirgeoirí gráin an Aontais a chaomhnú agus feidhmiú cuí an mhargaidh gráin san Aontas a chinntiú.

I bhfianaise a thábhachtaí atá táirgeadh gráin agus margaí gráin, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar fhaireachán a dhéanamh ar allmhairí gráin, go háirithe cruithneacht, agus go sonrach an dlús allmhairí den chineál sin sna Ballstáit atá comharsanach don Úcráin. San idirphlé tráthrialta a dhéanann an Coimisiún leis an Úcráin, tabharfaidh sé aghaidh ar aon saincheist a thiocfaidh chun solais de bharr an fhaireacháin. Meabhraíonn an Coimisiún gur féidir allmhairí ón Úcráin a bheith faoi réir faireachais faoi Chaibidil IV de Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d’allmhairí, rialacha is féidir a bheith i bhfoirm ceadúnaithe allmhairiúcháin, má tá baol ann go ndéanfaidh an treocht in allmhairí díobháil do tháirgeoirí an Aontais agus má theastaíonn sin de réir leasanna an Aontais. I ndáil leis an méid sin, úsáidfidh an Coimisiún na huirlisí atá ar fáil dó de réir mar is gá. Leanfaidh an Coimisiún ag tuairisciú go tráthrialta do na Ballstáit maidir le torthaí an idirphlé thráthrialta leis an Úcráin.

I gcás táirgí a chumhdaítear le bearta trádála uathrialacha, meabhraíonn an Coimisiún go bhforáiltear leis an Rialachán freisin maidir le sásra coimirce treisithe. Den chéad uair, tá an deis tugtha isteach ag an gCoimisiún ar an sásra sin a ghníomhachtú i gcás éifeachtaí díobhálacha ar mhargadh Ballstáit amháin nó roinnt Ballstát agus tá sé réidh sin a dhéanamh, agus ní hamháin ar mhargadh an Aontais ina iomláine. I ndáil leis an méid sin, bainfidh an Coimisiún leas iomlán as a chumhachtaí an sásra coimirce treisithe le haghaidh allmhairí cruithneachta ón Úcráin a thionscnamh *ex officio*.

Meabhraíonn an Coimisiún gur ghlac sé bearta in 2022 agus in 2023 chun tacú le feirmeoirí na hEorpa i ngach Ballstát, go háirithe sna Ballstáit atá comharsanach leis an Úcráin.’

[5] IO, cuir isteach, le do thoil, an uimhir sa téacs do 2024/0028 (COD).

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN maidir leis an bPróiseas Athbhreithnithe dá bhforáiltear in Airteagal 29 den Chomhaontú Comhlachais, tráth a glacadh Rialachán 2024/xxxx[6]**

‘Na bearta is gá, faoi Airteagal 29 den Chomhaontú Comhlachais, chun tabhairt faoi léirscaoileadh cómhalartach taraifí, deimhníonn an Coimisiún go ndéanfaidh sé na bearta sin, trí chomhairliúcháin leis an Úcráin, a luaithe a ghlacfaidh na comhreachtóirí na bearta trádála uathrialacha nua.

Oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa agus coinneoidh sé ar an eolas í maidir le dul chun cinn na gcomhairliúchán sin leis an Úcráin. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar bharúlacha Pharlaimint na hEorpa ina leith sin.

Tugann an Coimisiún chun cuimhne nach fasach le haghaidh clásail athbhreithniúcháin in aon chomhaontú eile atá sna módúlachtaí oibre sin, agus nach n-imíonn siad ó Airteagal 218 CFAE.

Cuirfidh toradh an phróisis sin cinnteacht eacnamaíoch agus trádáil chobhsaí ar fáil don Úcráin agus don Aontas araon, sin agus d’fheirmeoirí agus gnólachtaí. Céim thábhachtach a bheidh ann freisin i dtaobh an Úcráin a atógáil, agus í a chomhtháthú níos mó i margadh inmheánach an Aontais, rud is cuid d’aontú na tíre sin don Aontas amach anseo.’

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE**

‘Thíolaic an Coimisiún ráiteas maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe faoi Airteagal 29 den Chomhaontú Comhlachais tráth a glacadh Rialachán 2024/xxx, ráiteas inar thug sé le fios, de réir mar a dhéanfaidh sé na bearta is gá faoi Airteagal 29 den Chomhaontú Comhlachais chun próiseas an léirscaoilte chómhalartaigh taraife a shaothrú, go mbeidh dlúthbhaint ag Parlaimint na hEorpa leis an méid sin agus go gcoinneoidh sé ar an eolas í faoi dhul chun cinn na gcomhairliúchán leis an Úcráin. Ina theannta sin, thug an Coimisiún le fios go dtabharfaidh sé aird chuí ar bharúlacha a d’fhéadfadh Parlaimint na hEorpa a thabhairt ina leith sin.

Meabhraíonn an Chomhairle nach mór an próiseas sin a dhéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 218 CFAE, go háirithe mír 9 de. Ní dhéantar foráil in Airteagal 218 CFAE maidir le dlúth-rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa sa phróiseas sin, mar a shonraítear sa ráiteas ón gCoimisiún í, agus is é an toradh a bheadh uirthi modhnú ar an gcothromaíocht institiúideach atá ann i ngeall ar na Conarthaí.

Sa chomhthéacs sin, mar a tugadh le fios sa ráiteas uaithi maidir leis an gCreat-Chomhaontú idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún (2010/C 287/01), cuirfidh an Chomhairle faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais aon ghníomh nó aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Coimisiún mar chuid de chur i bhfeidhm an ráitis ón gCoimisiún a bheadh contrártha le leasanna na Comhairle agus leis na sainchearta a thugtar di leis na Conarthaí.’

---

[6] IO, cuir isteach, le do thoil, an uimhir sa téacs do 2024/0028 (COD).